Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**14455/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0382(NLE)**

**ECOFIN 1067**
**FIN 1070**
**UEM 329**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 19 Deireadh Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 673 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 10154/21 INIT; ST 10154/21 ADD 1) an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Danmhairge |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 673 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 673 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.10.2023
COM(2023) 673 final

2023/0382 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 10154/21 INIT; ST 10154/21 ADD 1) an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Danmhairge**

{SWD(2023) 343 final}

2023/0382 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 10154/21 INIT; ST 10154/21 ADD 1) an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Danmhairge

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don Danmhairg an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a thíolacadh an 30 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. D'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021[2].

(2) De bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241, ba cheart an ranníocaíocht uasta airgeadais i gcomhair thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha gach Ballstáit a nuashonrú faoin 30 Meitheamh 2022 i gcomhréir leis an modheolaíocht dá bhforáiltear ann. An 30 Meitheamh 2022, chuir an Coimisiún torthaí an nuashonraithe sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

(3) An 31 Bealtaine 2023 chuir an Danmhairg plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU i gcomhréir le hAirteagal 21c de Rialachán (AE) 2021/241, faoi bhráid an Choimisiúin.

(4) An 12 Iúil 2022 chuir an Chomhairle moltaí faoi bhráid na Danmhairge i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Go háirithe, mhol an Chomhairle don Danmhairg an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú, an soláthar fuinnimh a éagsúlú agus aghaidh a thabhairt ar riachtanais éilimh agus solúbthachta atá ag méadú trí na forbairtí líonra leictreachais is gá a dhreasú ar an leibhéal tarchurtha agus dáileacháin. Ina theannta sin, d'iarr sé go ndéanfaí na rialacha deonaithe ceadanna is infheidhme maidir le fuinneamh in-athnuaite a chuíchóiriú, go gcuirfí chun feidhme bearta breise a thacaíonn le héifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh phríobháideacha agus phoiblí chun billí fuinnimh agus costais chórais fuinnimh a laghdú, go n-áiritheofaí go

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

[2] ST 10154/21; ST 10154/21 ADD 1.

ndéanfaí foinsí téimh dícharbónaithe a leathadh amach ar bhealach níos fearr, agus go gcuirfí dlús le hiarrachtaí beartais chun na scileanna riachtanacha a sholáthar agus a shealbhú don aistriú glas.

(5) Tíolacadh an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe tar éis próiseas comhairliúcháin a rinneadh i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil náisiúnta, a raibh údaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, eagraíochtaí don óige, agus páirtithe leasmhara ábhartha eile páirteach ann. Cuireadh isteach an t- achoimre ar na comhairliúcháin in éineacht leis an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábhartacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, i gcomhréir leis na treoirlínte um measúnú a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin.

(6) Sa chaibidil REPowerEU áirítear athchóiriú nua amháin agus ceithre infheistíocht nua. Is éard atá san athchóiriú nua Foireann Náisiúnta Géarchéime Fuinnimh a bhunú chun oibriú ar chur i bhfeidhm an aistrithe ghlais a bhrostú. Ba cheart don Fhoireann Náisiúnta Géarchéime Fuinnimh (NEKST) oibriú go sonrach chun dlús a chur le deireadh a chur de réir a chéile le gás chun críocha téimh agus chun úsáid fuinnimh gréine agus gaoithe ar tír a bhrostú. Is é is aidhm don chéad infheistíocht tacú le forbairt ceithre ghigeavata d'acmhainn fuinnimh gaoithe amach ón gcósta. Is éard atá sa dara hinfheistíocht scagadh acmhainn gaoithe amach ón gcósta na Danmhairge a mhaoiniú, céim is gá chun dlús a chur le socrúchán feirmeacha gaoithe amach ón gcósta ar mhórscála. Soláthraíonn an tríú hinfheistíocht tacaíocht do thástáil agus do shuiteáil tuirbíní gaoithe turgnamhacha agus cuireann sé le borradh a chur faoi thaighde agus forbairt ar fhuinneamh gaoithe. Tacaíonn an ceathrú hinfheistíocht le soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna chun uas-sciliú glas a chothú i dtaca le gairmoideachas agus gairmoiliúint leanúnach agus oideachas aosach. Ar an iomlán, rannchuidíonn an t-athchóiriú nua agus na hinfheistíochtaí nua a áirítear sa chaibidil REPowerEU le sciar an fhuinnimh in-athnuaite a mhéadú agus dlús a chur le cur chun úsáide an fhuinnimh in-athnuaite, agus le tacú leis an aistriú glas trí athcháiliú luathaithe an lucht saothair i dtreo scileanna glasa. Cuidíonn an t-athchóiriú freisin le haghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh, trí shuiteáil réiteach téimh atá níos tíosaí ar fhuinneamh agus níos costéifeachtaí i dteaghlaigh a éascú.

(7) Áirítear sa chaibidil REPowerEU freisin bearta méadaithe a dhéanann difear do dhá bheart faoi chomhpháirt 3 d'Éifeachtúlacht Fuinnimh, Téamh Glas agus Gabháil agus Stóráil Carbóin. Leis na bearta méadaithe a áirítear sa chaibidil REPowerEU, tugtar isteach feabhas substainteach ar leibhéal uaillmhéine na mbeart atá san áireamh cheana féin sa phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta. Neartaíonn an beart méadaithe maidir le dóirí ola agus foirnéisí gáis a athsholáthar tuilleadh rannchuidiú na caibidle le haghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh, trí fhóirdheonú a dhéanamh ar shuiteáil réiteach téimh glas atá tíosach ar fhuinneamh i dteaghlaigh.

(8) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán 2021/241.

***Freagairt chothrom lena gcuirtear leis na sé cholún***

(9) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (a) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, is é atá sa phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n- áirítear an chaibidil REPowerEU, den chuid is mó

(Rátáil A), freagairt chuimsitheach agus chothromaithe leormhaith ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta, rud a chuireann go hiomchuí le gach ceann de na sé cholún dá dtagraítear in Airteagal 3 den Rialachán sin, agus na dúshláin shonracha atá os comhair an Bhallstáit lena mbaineann agus an leithdháileadh airgeadais don Bhallstát lena mbaineann á gcur san áireamh.

(10) Sa chaibidil REPowerEU áirítear bearta chun tacú leis an gcéad cholún agus leis an séú colún. Neartaíonn na bearta nua agus méadaithe faoi chomhpháirt 8 fócas an phlean bhunaidh tuilleadh maidir leis an aistriú glas. Go sonrach, rannchuidíonn na bearta le dlús a chur le cur in úsáid suiteálacha fuinnimh in-athnuaite, leis an spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise chun críocha téimh a laghdú, agus leis an tionscal a dhícharbónú. Ina theannta sin, rannchuidíonn siad le feabhas a chur ar bheartais don chéad ghlúin eile trí na scileanna is gá don aistriú glas a fhorbairt trí infheistíochtaí sa chuid leanúnach den chóras gairmoideachais agus gairmoiliúna, agus béim ar leith á leagan ar na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá don aistriú glas a shealbhú.

***Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile nó ar fhothacar suntasach de na dúshláin a shainaithnítear sna moltaí tírshonracha***

(11) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d’Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go rannchuideoidh an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n- áirítear an chaibidil REPowerEU chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar gach dúshlán nó ar fhothacar suntasach dúshlán (Rátáil A) arna sainaithint sna moltaí tírshonracha ábhartha, a dhírítear chuig an Danmhairg, lena n- áirítear gnéithe fioscacha díobh nó dúshláin arna sainaithint i ndoiciméid ábhartha eile arna nglacadh go hoifigiúil ag an gCoimisiún i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

(12) Go sonrach, cuirtear san áireamh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe moltaí tírshonracha a ghlac an Chomhairle go foirmiúil sula ndearna an Coimisiún measúnú ar an bplean modhnaithe. Ós rud é go ndearnadh an ranníocaíocht uasta airgeadais don Danmhairg a choigeartú anuas, ní dhéantar moltaí 2022 agus 2023 nach mbaineann le dúshláin fuinnimh a mheas sa mheasúnú foriomlán. Cuireadh moltaí tírshonracha 2023 maidir le fuinneamh san áireamh freisin agus na modhnuithe á gceapadh, go háirithe moltaí chun spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú, chun rialacha maidir le ceadú fuinnimh in-athnuaite a chuíchóiriú, chun a áirithiú go ndéanfar foinsí téimh dícharbónaithe a leathadh amach ar bhealach níos fearr agus chun feabhas a chur ar sholáthar agus ar shealbhú scileanna glasa.

(13) Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme na moltaí tírshonracha ábhartha tráth a cuireadh isteach an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, measann sé go ndearnadh an moladh cothrománach maidir le hinfheistíocht phoiblí a leathnú don aistriú glas agus don aistriú digiteach (CSR 2022.1.2) a chur chun feidhme go hiomlán. Tá dul chun cinn suntasach déanta i ndáil leis na moltaí chun líonraí tarchurtha fuinnimh a uasghrádú, idirnaisc le tíortha comharsanacha a mhéadú (CSR 2022.4.3), athléimneacht an chórais sláinte a fheabhsú (CSR 2020.1.2), tionscadail infheistíochta poiblí aibí a thús-ualú, infheistíocht phríobháideach a chur chun cinn agus infheistíocht a dhíriú ar iompar inbhuanaithe agus ar thaighde agus nuálaíocht (CSR 2020.2.1, 2.2, 2.4, 2.5).

(14) Leis an gcaibidil REPowerEU, áirítear leis an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe sraith fhairsing d’athchóirithe agus d’infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus a rannchuidíonn le haghaidh a thabhairt go héifeachtach ar

fhothacar suntasach de na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a leagtar amach sna moltaí tírshonracha a dhírigh an Chomhairle ar an Danmhairg i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, go háirithe an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus sciar na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh a mhéadú, na rialacha deonaithe ceadanna is infheidhme maidir le fuinneamh in-athnuaite a chuíchóiriú, bearta breise a chur chun feidhme a thacaíonn le héifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh phríobháideacha agus phoiblí chun billí fuinnimh agus costais chórais fuinnimh a laghdú, lena n-áirithítear go ndéanfar foinsí téimh dícharbónaithe a leathadh amach ar bhealach níos fearr, agus go gcuirfear dlús le hiarrachtaí beartais atá dírithe ar scileanna agus inniúlachtaí a sholáthar agus a fháil don aistriú glas.

(15) Leis an gcaibidil REPowerEU, rannchuidítear go mór le haghaidh a thabhairt ar an moladh cothrománach maidir le 'leathnú a dhéanamh ar infheistíocht phoiblí le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus maidir leis an tslándáil fuinnimh agus an tionscnamh REPowerEU á chur san áireamh, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus cistí eile de chuid an Aontais.' (CSR 2022.1.2). Rannchuidíonn na hinfheistíochtaí a áirítear sa chaibidil leis an aistriú glas, trí úsáid fuinnimh in-athnuaite a leathnú, trí infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí glasa le haghaidh dícharbónú tionscail amhail Gabháil agus Stóráil Carbóin CO2 bithghineach agus atmaisféarach, agus tríd an lucht saothair a ullmhú chun dul in oiriúint do dhúshláin an aistrithe ghlais trí uas-sciliú glas. Cuireann an beart méadaithe maidir le dóirí ola agus foirnéisí gáis a athsholáthar le slándáil fuinnimh freisin trí fhoinsí fuinnimh in-athnuaite nó glasa a chur in ionad innealra breoslaí iontaise.

(16) Leis an gcaibidil REPowerEU, rannchuidítear le haghaidh a thabhairt ar roinnt dúshlán a shainaithnítear i moltaí tírshonracha a bhaineann le fuinneamh a rinneadh in 2022 (CSR 2022.4), chomh maith leis na moltaí tírshonracha a bhaineann le fuinneamh a rinneadh in 2023 (CSR 2023.4). Rannchuidíonn na hinfheistíochtaí faoin mbeart fuinnimh in-athnuaite le 'spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú' (CSR 2022.4.1 agus CSR 2023.4.1) agus 'cabhraíonn siad leis an ngeilleagar a dhícharbónú trí dhlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh lena n-áirítear trí athchóirithe a thabhairt isteach chun nósanna imeachta riaracháin agus ceadaithe a shimpliú agus a bhrostú' (CSR 2022.4.2, CSR2023.4.2, 4.4). Meastar go laghdóidh an t-athchóiriú ar Fhoireann Náisiúnta Géarchéime Fuinnimh ualaí riaracháin go suntasach agus go simpleoidh sé nósanna imeachta ceadaithe maidir le cur in úsáid fuinnimh in-athnuaite ar thalamh agus maidir le haistriú ó ghás go foinsí glasa téimh. Cuireann beart Fhoireann Náisiúnta Géarchéime Fuinnimh agus an beart méadaithe araon lena soláthraítear scéim tacaíochta chun dóirí ola agus foirnéisí gáis a athsholáthar le téamh ceantair ó fhoinsí in-athnuaite nó teaschaidéil leictreacha le 'feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh' (CSR 2022.4.4) agus le 'leathadh amach níos fearr d'fhoinsí téimh dícharbónaithe a áirithiú' (CSR 2023.4.6). Meastar freisin go rannchuideoidh an beart maidir le huas-sciliú glas le dlús a chur le hiarrachtaí beartais atá dírithe ar 'scileanna agus inniúlachtaí a theastaíonn don aistriú glas a sholáthar agus a shealbhú' (CSR 2023.4.7).

***Gan dochar suntasach a dhéanamh***

(17) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (d) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.4 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go n- áiritheofar leis an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n- áirítear an chaibidil REPowerEU nach ndéanfaidh aon bheart (Rátáil A) maidir le cur chun feidhme na n- athchóirithe agus na dtionscadal infheistíochta a áirítear sa phlean náisiúnta téarnaimh agus

athléimneachta sin dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] (an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh').

(18) Meastar an plean modhnaithe, lena n-áirítear an chaibidil nua REPowerEU a bheith i gcomhréir leis an bprionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh' de réir na modheolaíochta a leagtar amach i dtreoir theicniúil an Choimisiúin maidir le cur i bhfeidhm 'gan dochar suntasach a dhéanamh' faoin Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (2021/C58/01). Déantar an measúnú go córasach le haghaidh gach beart nua agus méadaithe de réir cur chuige dhá chéim. Is é conclúid an mheasúnaithe nach bhfuil aon riosca ann go ndéanfar dochar suntasach i gcás gach beart nua agus gach beart méadaithe faoin gcaibidil REPowerEU nó, i gcás ina sainaithnítear riosca, déantar measúnú níos mionsonraithe lena léirítear nach ndearnadh dochar suntasach. Tá tuairisc tugtha ag an Danmhairg ar an measúnú mionsonraithe ar na bearta nua atá ar áireamh sa chaibidil REPowerEU. Níor ceanglaíodh le ceann ar bith de na bearta sa chaibidil REPowerEU go ndéanfaí maolú ar an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh'. I gcás inar gá, tá na ceanglais maidir le comhlíonadh phrionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' cumhdaithe i ceapadh birt agus sonraítear iad i ngarsprioc nó i sprioc a léiríonn beart den sórt sin. Ar bhonn na faisnéise a chuirtear ar fáil, is féidir teacht ar an gconclúid go bhfuil coinne leis go n- áiritheofar leis an bplean modhnaithe nach ndéanfaidh aon bheart dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852.

***Rannchuidiú le cuspóirí REPowerEU***

(19) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (da), agus Iarscríbhinn V, critéar 2.12, a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241, meastar go rannchuideoidh an chaibidil REPowerEU go héifeachtach agus go mór (Rátáil A) leis an tslándáil fuinnimh, le héagsúlú sholáthar fuinnimh an Aontais, le méadú ar ghlacadh foinsí in-athnuaite agus le héifeachtúlacht fuinnimh, le méadú ar acmhainneachtaí stórála fuinnimh nó leis an laghdú is gá ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise roimh 2030.

(20) Meastar go rannchuideoidh na bearta a áirítear sa chaibidil REPowerEU leis na cuspóirí faoi Airteagal 21c(3), pointí (b), (c) agus (f) de Rialachán (AE) 2021/241. Ba cheart go rannchuideodh cuíchóiriú agus simpliú ionchasach na nósanna imeachta riaracháin agus ceadaithe agus na bpróiseas gaolmhar atá le baint amach trí athchóiriú na Foirne Náisiúnta Géarchéime Fuinnimh le sciar an fhuinnimh in-athnuaite a mhéadú agus dlús a chur le cur in úsáid an fhuinnimh in-athnuaite trí phróisis deonaithe ceadanna a ghiorrú agus a chuíchóiriú. Cuirfidh sé freisin le dícharbónú théamh na dteaghlach trí leathadh amach téimh ceantair a éascú. Ba cheart do na trí infheistíocht a ghabhann leis an athchóiriú sciar an fhuinnimh in-athnuaite a mhéadú agus dlús a chur le cur in úsáid an fhuinnimh in-athnuaite trí acmhainn nua gaoithe amach ón gcósta a fhorbairt, trí scagadh a dhéanamh ar acmhainneacht gaoithe amach ón gcósta na Danmhairge agus trí thuirbíní gaoithe turgnamhacha a shuiteáil agus a thástáil. Ba cheart go rannchuideodh na hinfheistíochtaí i bhfóirdheonú athsholáthar dóirí ola agus foirnéisí gáis le haghaidh théamh na dteaghlach le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus le sciar an fhuinnimh in-athnuaite a mhéadú agus dlús a chur

[3] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

le cur in úsáid an fhuinnimh in-athnuaite trí shuiteáil réiteach glas atá tíosach ar fhuinneamh i dteaghlaigh a dhreasú. Rannchuideoidh siad freisin le haghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh. Ba cheart d'infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí Gabhála agus Stórála Carbóin rannchuidiú leis an tionscal a dhícharbónú trí astaíochtaí CO2 a laghdú 0.5 milliún tonna measta in aghaidh na bliana ó 2025 go 2032. Ba cheart go rannchuideodh infheistíochtaí in uas-sciliú glas le tacú leis na cuspóirí faoi Airteagal 21(3) pointí (b), (c), agus (f) de Rialachán (AE) 2021/241 trí cháiliú luathaithe an lucht saothair i dtreo scileanna glasa trí fhorbairt agus tástáil cúrsaí oiliúna a bhaineann le teicneolaíochtaí glasa agus inbhuanaitheacht a chistiú.

(21) Tá na bearta a áirítear sa chaibidil REPowerEU comhleanúnach le hiarrachtaí na Danmhairge na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 21c (3) de Rialachán (AE) 2021/241 a bhaint amach, agus na bearta a áirítear sa phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta bunaidh, chomh maith le bearta comhlántacha nó bearta tionlacain eile arna gcistiú go náisiúnta agus arna gcistiú ag an Aontas, á gcur san áireamh. Tá na bearta faoin gcaibidil ailínithe le creat beartais na Danmhairge arb é is aidhm dó laghdú 70 % a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa na Danmhairge faoi 2030 (i gcomparáid le leibhéal 1990) agus aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2045. Comhlánaítear le roinnt beart a áirítear sa chaibidil REPowerEU bearta eile arna gcistiú ag an Aontas faoin gCiste um Aistriú Cóir, faoi Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus faoi Chiste Sóisialta na hEorpa Plus, amhail uas-sciliú glas agus Gabháil agus Stóráil Carbóin.

(22) I gcás na mbreithnithe uile thuas, meastar go rannchuideoidh an chaibidil REPowerEU go héifeachtach go mór leis an tslándáil fuinnimh, le héagsúlú sholáthar fuinnimh an Aontais, le méadú ar ghlacadh foinsí in-athnuaite agus le héifeachtúlacht fuinnimh, le méadú ar acmhainneachtaí stórála fuinnimh agus leis an laghdú is gá ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise roimh 2030.

***Bearta a bhfuil gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta ag baint leo***

(23) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (db) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.13 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh gné nó tionchar trasteorann nó ilnáisiúnta mór (Rátáil A) ag baint leis na bearta a áirítear sa chaibidil REPowerEU.

(24) Cuireann an chaibidil REPowerEU le soláthar fuinnimh a áirithiú san Aontas ina iomláine, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a sainaithníodh sa mheasúnú riachtanas is déanaí ón gCoimisiún, i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 21c(3) de Rialachán (AE) 2021/241, agus an ranníocaíocht airgeadais atá ar fáil don Danmhairg agus a suíomh geografach á gcur san áireamh. Rannchuidíonn na bearta a áirítear sa chaibidil REPowerEU le soláthar fuinnimh a áirithiú san Aontas trí acmhainn bhreise fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt agus trí sprioc an Aontais maidir le 300 GW d'fhuinneamh gaoithe amach ón gcósta san Eoraip a chur chun cinn roimh 2050.

(25) Rannchuidíonn an chaibidil REPowerEU freisin leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus leis an éileamh ar fhuinneamh a laghdú trí úsáid fuinnimh in-athnuaite a chothú, trí thacú le teaghlaigh díchúpláil ó ghás agus trí thiontú go réitigh téimh ghlais, agus trí chabhair oibríochtúil a sholáthar chun teicneolaíochtaí nuálacha Gabhála agus Stórála Carbóin a fhorbairt a bhfuil acmhainneacht mhór acu maidir le dícharbónú tionsclaíoch. Tá acmhainneacht shuntasach trasteorann ag baint le teicneolaíocht Gabhála agus Stórála Carbóin, toisc go bhféadfaí na limistéir le haghaidh stórála den

sórt sin ar chríoch na Danmhairge a úsáid chun $CO_2$ a stóráil ó fhoinsí idirnáisiúnta agus toisc go bhféadfaí forbairt na teicneolaíochta a onnmhairiú.

(26) Costais mheasta na mbeart a áirítear sa chaibidil REPowerEU a bhfuil gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta acu ,53 % de chostais mheasta iomlána na caibidle REPowerEU atá i gceist leo. Meastar, dá bhrí sin, go bhfuil gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta, den chuid is mó, ag an gcaibidil.

***Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n- áirítear an bhithéagsúlacht***

(27) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa chaibidil REPowerEU a rannchuidíonn cuid mhór (Rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide, tá suim airgid ag gabháil leo is ionann agus 69 % de leithdháileadh iomlán an phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta agus 100 % de chostais mheasta iomlána na mbeart sa chaibidil REPowerEU arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán sin. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n- áirítear an chaibidil REPowerEU comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021–2030.

(28) Tá sé de chuspóir uileghabhálach ag an gcaibidil REPowerEU dlús a chur leis an aistriú glas trí chur in úsáid fuinnimh in-athnuaite, uas-sciliú glas agus astaíochtaí $CO_2$ a laghdú nó a bhaint.

(29) Ba cheart an cuspóir ilfhillte sin a bhaint amach a) trí nósanna imeachta riaracháin agus ceadaithe a shimpliú agus a bhrostú chun tionscadail fuinnimh in-athnuaite a chur in úsáid agus téamh ceantair a leathadh amach; b) trí fhorbairt acmhainne gaoithe amach ón gcósta a chothú agus tacú le tástáil tuirbíní gaoithe turgnamhacha; c) trí thionscnaimh uas-scilithe glasa a mhaoiniú; d) trí fhóirdheonú a dhéanamh ar athsholáthar dóirí ola agus foirnéisí gáis; e) trí thacú le teicneolaíochtaí nuálacha Gabhála agus Stórála Carbóin chun tionscail a dhícharbónú, agus acmhainneacht acu astaíochtaí $CO_2$ a laghdú 0,5 milliún tonna in aghaidh na bliana sa tréimhse 2025-2032.

(30) Áirítear sa chaibidil REPowerEU bearta a rannchuidíonn le spriocanna aeráide 2030 an Aontais a bhaint amach agus leis an gcuspóir aeráidneodracht an Aontais a bhaint amach faoi 2050, trí dhlús a chur le húsáid agus le glacadh fuinnimh in-athnuaite, trí ghás le haghaidh téimh i dteaghlaigh a chéimniú amach, tríd an tionscal a dhícharbónú, agus trí scileanna glasa a fhorbairt atá riachtanach chun lucht saothair na todhchaí a ullmhú d'aistriú glas.

***Rannchuidiú leis an aistriú digiteach***

(31) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a rannchuidíonn cuid mhór leis an aistriú digiteach nó a thugann aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as. Tháinig méadú ar an sciar ó 25 % i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta don Danmhairg agus tugadh le tuiscint leis an laghdú ar an leithdháileadh airgeadais don Danmhairg i mí an Mheithimh 2022 go raibh méadú ar an sciar digiteach go 27 %, mar gheall ar éifeacht an ainmneora. Rinneadh an sciar a ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a

leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin. Dá bhrí sin, meastar go leanann bearta sa phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn cuid mhór (Rátáil A) leis an aistriú digiteach nó a thugann aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as.

***Tionchar Buan***

(32) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (g), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.7 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh tionchar buan láidir (Rátáil A) ag an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU ar an Danmhairg.

(33) Le méadú ar an mbeart a bhaineann le dóirí ola agus foirnéisí gáis a athsholáthar, is féidir a bheith ag súil go laghdóidh an plean go buan astaíochtaí gás ceaptha teasa teaghlach agus go gcuirfidh sé borradh faoin aistriú ó bhreoslaí iontaise go foinsí téimh níos inbhuanaithe. Tacaíonn bearta na caibidle maidir le fuinneamh in-athnuaite go buan leis an aistriú glas thar amlíne an phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta. Leis an mbeart maidir le scagadh na hacmhainneachta gaoithe amach ón gcósta, leagtar síos an bhunchloch don Danmhairg chun rannchuidiú le sprioc an Aontais maidir le 300 GW den ghaoth amach ón gcósta faoi 2050. Leis an athchóiriú a dhírítear ar nósanna imeachta riaracháin a shimpliú agus a ghiorrú chun tionscadail fuinnimh in-athnuaite a chur in úsáid, cuirtear feabhas buan ar na coinníollacha creata maidir le glacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh. Ina theannta sin, ullmhaítear leis an mbeart uas-scilithe glas an fórsa saothair don aistriú glas, le scileanna a úsáidfear thar thréimhse ama na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta.

***Faireachán agus cur chun feidhme***

(34) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (h) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.8 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, is leormhaith (Rátáil A) na socruithe atá beartaithe sa phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU chun faireachán agus cur chun feidhme éifeachtach an phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a áirithiú, lena n-áirítear an tráthchlár, na garspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, agus na táscairí gaolmhara.

(35) Fuarthas amach sa mheasúnú ar an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta bunaidh, i gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (h), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le hIarscríbhinn V, critéar 2.8, a ghabhann leis, go raibh an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta bunaidh leordhóthanach (Rátáil A) chun faireachán éifeachtach agus cur chun feidhme éifeachtach an phlean a áirithiú, lena n-áirítear an tráthchlár, na garspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, agus na táscairí gaolmhara.

(36) Níl tionchar ag cineál agus méid na modhnuithe atá beartaithe ar phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta na Danmhairge ar an measúnú a rinneadh roimhe seo ar fhaireachán éifeachtach agus ar chur chun feidhme éifeachtach an phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta. Tá an Aireacht Airgeadais freagrach i gcónaí as faireachán agus cur chun feidhme an phlean. Tá na garspriocanna agus na spriocanna a ghabhann leis na bearta a áirítear sa phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta bunaidh soiléir agus réalaíoch agus tá na táscairí atá beartaithe le haghaidh na ngarspriocanna agus na spriocanna sin ábhartha, inghlactha agus láidir. Ina theannta sin, tá na garspriocanna agus na spriocanna a ghabhann leis na bearta nua agus leis na bearta nua sa chaibidil REPowerEU, soiléir agus réadúil agus tá na táscairí atá beartaithe le haghaidh na ngarspriocanna agus na spriocanna sin ábhartha, inghlactha

agus láidir. Tá garspriocanna agus spriocanna ábhartha freisin maidir le bearta a cuireadh i gcrích cheana agus atá incháilithe faoi Airteagal 17(2) de Rialachán (AE) 2021/241. Is gá na garspriocanna agus na spriocanna sin a chomhlíonadh go sásúil le himeacht ama chun údar cuí a thabhairt le hiarraidh ar eisíocaíocht.

***Costáil***

(37) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá an réasúnú a thugtar sa phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n- áirítear an chaibidil REPowerEU maidir le méid na gcostas iomlán measta a bhaineann leis an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, measartha réasúnta agus inchreidte (Rátáil B), tá sé i gcomhréir le prionsabal na cost- éifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(38) Sa mheasúnú ar phlean bunaidh na Danmhairge fuarthas amach go raibh an réasúnú arna sholáthar sa phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta maidir le costas iomlán measta an phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta measartha (Rátáil B) réasúnta agus inchreidte, go bhfuil sé ag teacht le prionsabal na héifeachtúlachta costais agus i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta. Sholáthair an Danmhairg meastacháin chostais do na bearta go léir i seacht gcomhpháirt bhunaidh an phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta. Tugann na meastacháin léargas éigin ar na míreanna costais agus ar an spreagadh costais. I gcásanna áirithe, tá siad bunaithe ar bhearta beartais, ar thaighde agus ar fhoinsí eile den chineál céanna a bhí ann roimhe seo. Bhí na míreanna costais is mó bunaithe ar ionsamhlúcháin mhaicreacnamaíocha. Bhí doiciméadacht neamhiomlán ag gabháil le roinnt míreanna costais amhail conarthaí, praghsanna aontachta nó toimhdí.

(39) I gcásanna áirithe, tá samplaí de chostais gníomhaíochtaí comhchosúla a rinneadh roimhe seo ag gabháil le faisnéis chostála na caibidle REPowerEU. I gcásanna áirithe, cuirtear praghsanna aontachtacha, amhail costais foirne, san áireamh. Mar sin féin, ní dhéantar roinnt gnéithe costála a dhoiciméadú go hiomlán, rud a fhágann go ndéantar an measúnú go bhfuil an fhaisnéis costála measartha soiléir. Ar deireadh, tá costas iomlán measta an phlean mhodhnaithe lena n-áirithe an chaibidil REPowerEU i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

***Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint***

(40) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (j) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.10 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá na socruithe atá beartaithe sa phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU agus na bearta breise atá sa Chinneadh seo leormhaith (Rátáil A) chun coinbhleachtaí leasa, éilliú agus calaois a chosc, a bhrath agus a cheartú agus úsáid á baint as na cistí a sholáthraítear faoin Rialachán sin, agus tá coinne leis go ndéanfadh siad cistiú dúbailte ón Rialachán sin agus ó chláir eile an Aontais a sheachaint ar bhealach éifeachtach. Tá an méid sin gan dochar do chur i bhfeidhm ionstraimí agus uirlisí eile chun comhlíonadh dhlí an Aontais a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear chun coinbhleachtaí leasa, éilliú, agus calaois a chosc, a bhrath agus a

cheartú, agus chun buiséad an Aontais a chosaint i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4].

(41) Sa mheasúnú bunaidh, rinneadh measúnú ar na socruithe a bhfuil tuairisc orthu sa phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta mar shocruithe leormhaithe (Rátáil A) chun cosaint leasanna airgeadais an Aontais a áirithiú. Ba cheart gurb í an Aireacht Airgeadais a bheadh freagrach ar an iomlán as an bplean a chur chun feidhme agus ba cheart di freagra a thabhairt thar ceann Aireachtaí eile ar ghnéithe oibríochtúla agus riaracháin an phlean. Laistigh den Aireacht Airgeadais, tá an Oifig Iniúchóireachta agus Maoirseachta freagrach as rialuithe a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm cistí ag Aireachtaí agus as doiciméadú agus comhlíonadh spriocanna agus garspriocanna.

(42) An córas rialaithe inmheánaigh a bhfuil tuairisc air i bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Danmhairge agus na bearta breise atá sa Chinneadh seo, tá sé bunaithe ar phróisis agus ar struchtúir láidre agus sainaithnítear ann gníomhaithe soiléire agus a róil agus a bhfreagrachtaí i ndáil le feidhmiú na gcúraimí rialaithe inmheánaigh. Déanann an córas rialaithe inmheánaigh na feidhmeanna ábhartha a leithscaradh go hiomchuí agus tá an dá leibhéal ann: (i) fíoruithe bainistíochta, iniúchóireacht agus rialuithe arna ndéanamh ag aireachtaí líne ar an leibhéal díláraithe agus (ii) iniúchtaí arna ndéanamh ag an Aireacht Airgeadais ar an leibhéal láraithe. An córas rialaithe inmheánaigh agus socruithe ábhartha eile i bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Danmhairge, lena n-áirítear maidir leis na sásraí fíoraithe, bailiú agus stóráil sonraí, tá freagrachtaí na ngníomhaithe ábhartha leormhaith i ndáil le héilliú, calaois, coinbhleacht leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú agus úsáid á baint as na cistí faoi Rialachán (AE) 2021/241 agus chun cistiú dúbailte faoin Rialachán sin agus faoi chláir eile an Aontais a sheachaint.

(43) Ba cheart garspriocanna breise maidir le hiniúchóireacht agus rialú a thabhairt isteach chun foráil a dhéanamh maidir le córas stórais iomlán oibríochtúil agus feidhmiúil agus lena gceanglófar ar an Danmhairg tacar sonraí iomlán iontaofa a sholáthar, ar tacar é a bhailítear agus a stóráiltear i gcomhréir le hAirteagal 22(2)(d) de Rialachán (AE) 2021/241; chomh maith le plean gníomhaíochta a ghlacadh a bhaineann leis an straitéis frithchalaoise agus frithéillithe. Ba cheart go neartófaí tuilleadh leis sin na bearta chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint.

***Comhleanúnachas an phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta***

(44) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (k) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.11 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, cuimsítear go mór (Rátáil A) sa phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU, bearta le haghaidh cur chun feidhme athchóirithe agus tionscadail infheistíochta phoiblí ar gníomhaíochtaí comhleanúnacha iad.

(45) Tá an chaibidil REPowerEU ina bonn taca breise do chomhleanúnachas phlean na Danmhairge, lena soláthraítear eiliminti breise a threisíonn a chéile. Éascaíonn an t-athchóiriú infheistíochtaí beartaithe na caibidle agus rannchuidíonn sé tuilleadh le dlús a chur le hinfheistíochtaí glasa a áirítear sa phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta bunaidh trí nósanna imeachta riaracháin simplithe agus luathaithe. Tá uas-scálú an bhirt GSC le feiceáil mar chomhlánú agus mar charnadh ar an mbeart

[4] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 1).

bunaidh i gComhpháirt 3, chomh maith leis an gcomhpháirtíocht taighde ar GSC i gComhpháirt 7 den phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta bunaidh. Ní thagann aon bhearta salach ar éifeachtacht beart eile ná ní bhaineann siad an bonn díobh, agus níor sainaithníodh aon neamhréireachtaí ná contrárthachtaí idir comhpháirteanna éagsúla.

*Aon chritéir mheasúnaithe eile*

(46) Measann an Coimisiún nach ndéananann na modhnuithe a chuir an Danmhairg chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta don Danmhairg i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (c) agus (f) de Rialachán (AE) 2021/241.

*An próiseas comhairliúcháin*

(47) Mar ullmhúchán don chaibidil REPowerEU, sheol Aireacht Airgeadais na Danmhairge tairseach comhairliúcháin phoiblí ar líne ar leathanach gréasáin tiomnaithe Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Danmhairge. Chomh maith leis sin, reáchtáil an Aireacht cruinniú páirtithe leasmhara ar fhreastail ionadaithe eagraíochtaí na sochaí sibhialta, comhlachais agus cónaidhmeanna trádála, grúpaí sainleasa agus gníomhaithe eile air. Léiríonn na bearta a áirítear sa phlean modhnaithe lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU na moltaí a rinneadh sa chomhairliúchán maidir le hinfheistíochtaí i bhfuinneamh in-athnuaite a mhéadú – go háirithe grianfhuinneamh agus fuinneamh gaoithe amach ón gcósta (a áirítear in C8.I1.1: Glao ar thairiscintí a ullmhú le haghaidh Gaoth Amach ón gCósta 4 Ghigeavata, C8.I1.2: Scagadh ar acmhainn gaoithe amach ón gcósta na Danmhairge, C8.I1.3: Tacaíocht chun tuirbíní gaoithe turgnamhacha a choimisiúnú), cuíchóiriú a dhéanamh ar nósanna imeachta deonaithe ceadanna le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite (a áirítear in C8.R1: Foireann Náisiúnta Géarchéime Fuinnimh (*NEKST*)),éifeachtúlacht fuinnimh mhéadaithe agus deireadh a chur de réir a chéile le coirí gáis (san áireamh in C8.I3: Dóirí ola agus foirnéisí gáis a athsholáthar), dlús a chur le Gabháil agus Stóráil Carbóin (a áirítear in C8.14: Acmhainneacht maidir le gabháil agus stóráil carbóin (GSC)) agus cuimsiú scileanna glasa san oideachas leanúnach (san áireamh in C8.I2: Uas-sciliú glas). Níorbh fhéidir freastal ar mholtaí eile amhail tacaíocht do bhithghás, d'asbhaintí cánach méadaithe nó do chánacha nua CO2 i gcomhthéacs na caibidle REPowerEU. Tugtar aghaidh ar ionchuir den sórt sin trí thionscnaimh a mhaoinítear go náisiúnta go dtí céimeanna éagsúla.

*Measúnú dearfach*

(48) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir leis an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta lena n- áirítear an chaibidil REPowerEU agus an toradh a bhí air, mar atá, go gcomhlíonann an plean na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a chur chun feidhme, lena n- áirítear an chaibidil REPowerEU, na garspriocanna, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas i bhfoirm tacaíocht airgeadais neamh- iníoctha le haghaidh chur chun feidhme an phlean

náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe lena n- áirítear an chaibidil REPowerEU a leagan amach.

***Ranníocaíocht airgeadais***

(49) Is é DKK 13 477 000 000 costais mheasta iomlána phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Danmhairge lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU, arb ionann é agus EUR 1 812 233 337 ar bhonn ráta tagartha BCE EUR DKK an 30 Aibreán 2021 don phlean bunaidh agus ar bhonn ráta tagartha BCE EUR DKK an 31 Bealtaine 2023 don chaibidil REPowerEU. Ós rud é go bhfuil méid chostais mheasta iomlána an phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don Danmhairg, ba cheart an ranníocaíocht airgeadais arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 11 arna leithdháileadh do phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Danmhairge lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU a bheith comhionann le méid iomlán na ranníocaíochta airgeadais atá ar fáil do phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Danmhairge lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU. EUR 1 429 149 364 atá sa mhéid sin[5].

(50) De bhun Airteagal 21a(5) de Rialachán (AE) 2021/241, an 31 Bealtaine 2023 chuir an Danmhairg iarraidh isteach ar leithdháileadh an ioncaim dá dtagraítear in Airteagal 21a (1) den Rialachán sin, arna chomhroinnt idir na Ballstáit ar bhonn na dtáscairí a leagtar amach sa mhodheolaíocht in Iarscríbhinn IVa a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. Is é DKK 1 467 000 000 costais mheastá iomlána na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 21c(3), pointí (b) go (f) a áirítear sa chaibidil REPowerEU, arb ionann é agus EUR 196 965 628 ar bhonn ráta tagartha BCE EUR DKK an 31 Bealtaine 2023. Ós rud é go bhfuil an méid sin níos airde ná an sciar leithdháilte atá ar fáil don Danmhairg, ba cheart go mbeadh an tacaíocht airgeadais neamh- inaisíoctha bhreise atá ar fáil don Danmhairg cothrom leis an sciar leithdháilte. EUR 130 714 933 atá sa mhéid sin[6].

(51) Ina theannta sin, i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755[7], an 1 Márta 2023, chuir an Danmhairg iarraidh réasúnaithe isteach chun cuid dá raibh fágtha dá leithdháileadh sealadach a aistriú ó acmhainní an Chúlchiste Coigeartaithe Brexit chuig an tSaoráid, mar atá, EUR 66 026 588. Ba cheart an tsuim sin a chur ar fáil chun tacú leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sa chaibidil REPowerEU mar thacaíocht airgeadais neamh- inaisíoctha bhreise.

(52) Ba cheart an ranníocaíocht airgeadais iomlán atá ar fáil don Danmhairg a bheith cothrom le EUR 1 625 890 885.

***Réamh- mhaoiniú REPowerEU***

(53) D'iarr an Danmhairg an cistiú seo a leanas chun a caibidil REPowerEU a chur chun feidhme: aistriú EUR 66 026 588 ón leithdháileadh sealadach ó acmhainní an

[5] Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Danmhairge de speansas Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Airteagal 11 den Rialachán sin.

[6] Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Danmhairge de speansas Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Airteagal 11 den Rialachán sin.

[7] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1).

Chúlchiste Coigeartaithe Brexit, agus EUR 130 714 933 ón ioncam ón gCóras Trádála Astaíochtaí faoi Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

(54) I gcás na méideanna sin, de bhun Airteagal 21d de Rialachán(AE) 2021/241, an 31 Bealtaine 2023 d'iarr an Danmhairg réamh-mhaoiniú 20 % den chistiú a iarradh. Faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil, ba cheart an réamh-mhaoiniú sin a chur ar fáil don Danmhairg faoi réir theacht i bhfeidhm, agus i gcomhréir le comhaontú atá le tabhairt i gcrích idir an Coimisiún agus an Danmhairg de bhun Airteagal 23(1) de Rialachán (AE) 2021/241 (an 'comhaontú maoinithe').

(55) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (ST 10154/21 INIT; ST 10154/21 ADD 1) ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta na Danmhairge a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin a athrú go hiomlán,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta na Danmhairge, leasaítear é mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'Airteagal 1

*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Danmhairge a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, na socruithe agus an t- amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta agus é a chur chun feidhme, lena n- áirítear na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.';

(2) In Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

'1. Cuirfidh an tAontas ranníocaíocht airgeadais ar fáil don Danmhairg i bhfoirm tacaíocht neamh-inaisíoctha dar luach EUR 1 625 890 885[8]. Áirítear ar an ranníocaíocht sin:

(a) beidh suim EUR 1 302 852 547 ar fáil lena gealladh go dlíthiúil faoin 31 Nollaig 2022;

8 Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Danmhairge de speansas Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Airteagal 11 den Rialachán sin.

(b) beidh suim eile de EUR 126 296 817 ar fáil lena gealladh go dlíthiúil ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023;

(c) suim EUR 130 714 933[9], i gcomhréir le hAirteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241, go heisiach le haghaidh bearta dá dtagraítear in Airteagal 21c den Rialachán sin, cé is moite de na bearta dá dtagraítear in Airteagal 21c (3), pointe (a);

(d) suim EUR 66 026 588, arna aistriú ón gCúlchiste Coigeartaithe Brexit chuig an tSaoráid.

2. Cuirfidh an Coimisiún ranníocaíocht airgeadais an Aontais ar fáil don Danmhairg i dtráthchodanna i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo. Cuirfear suim EUR 201 682 144 ar fáil mar réamh-mhaoiniú i gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2021/241.

3. Cuirfear méid EUR 39 348 304 ar fáil mar réamh- mhaoiniú i gcomhréir le hAirteagal 21d de Rialachán (AE) 2021/241. Féadfaidh an Coimisiún réamh- mhaoiniú a eisíoc i suas le dhá íocaíocht.

Féadfaidh an Coimisiún an réamh- mhaoiniú agus na tráthchodanna a íoc i dtráinse amháin nó i roinnt tráinsí. Beidh méid na dtráinsí faoi réir infhaighteacht an mhaoinithe.';

(4) Cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne:

*Airteagal 4*
*Seolaí*

Is chuig Ríocht na Danmhairge a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

9 Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Danmhairge de speansas Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Iarscríbhinn IVa a ghabhann leis an Rialachán sin.